MÍ NA NOLLAG, 2019

# Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin

CLÁR:


- Na Laethanta Seo
- Craobh na Mumhan
- An Eolaí Óg
- VEX
- Teangacha
- Éachtanna Eile
- Ár bhFeachtais
- Seachtainí Eagsúla
- Laethanta Lu-achmhara
- An Saol san Idirbhliain


BUAIC-PHOINTÍ


| | |
|---|---|
| Craobh na Mumhan | 3 |
| An Eolaí Óg | 4 |
| Éachtanna | 6 |
| Teangacha | 8 |
| Laethanta Maithe | 12 |
| Londain | 14 |
| Na Spáinnigh | 17 |


## Nóta ón bPríomhoide

A thuismitheoirí, a dhaltaí is a mhúinteoirí uasail, ba mhaith liom an deis seo a thógaint chun Samhradh den scoth a ghuí oraibh go léir.

Tá téarma eisceachtúil curtha fúinn anseo sa Ghaelcholáiste, ceann nach ndéanfaimid dearmad air go deo. Sular dúnadh na scoile bhí go leor ar siúl a léirigh spiorad na scoile agus táimid anbhródúil nár chuir an coraintín stop leis sin. Gheobhaidh sibh blas de shaol na scoile agus na héachtanna bainte amach againn i mbliana ón nuachtlitir seo.

Is na sriantaí ag ardú, is ábhar dóchais é go bhfuil foirgneamh nua na scoile tosaithe arís. Ag an am céanna, leis an scoil dúnta ón 13ú de Mhí an Mhárta, beimid go léir ag súil go mór leis an gcéad lá ar ais i dTigh Pháirc an Uisce! Ar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le baill uile phobal na scoile - an Bord Bainistíochta, Coiste na dTuistí, na daltaí, tuismitheoirí agus múinteoirí - as a gcomhoibriú ar fad, ach go háirithe le dhá mhí anuas. Ar scáth a chéile a mhairimid!

*Dear Parents, I would like to wish you all a wonderful Summer this year.*

*We have a had an exceptional term in the Gaelcholáiste, one that will live long in the memories of each generation in the school community. Prior the closure of the school, countless activities were underway that showcased our school-spirit. We are incredibly proud that the quarantine has not supressed that spirit. This newsletter offers but a taste of life in Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin.*

*As the restrictions ease, it is a source of hope to see the new campus of education recommence. At the same time, given this current period of school closure, we will all be looking forward to our return to Waterpark House!*

*Finally, I wish to thank each member of the school community—the Board of Management, Coiste na dTuistí, the students, the parents and the teachers—for the all the cooperation throughout the year, particularly for the past two months! Ar scáth a chéile a mhairimid!*













# Na Laethanta Seo


In ainneoin den choraintín, tá daltaí is múinteoirí tar éis tabhairt faoi neart dúshláin, chomh maith le bheith ag foghlaim is ag múineadh.

*Despite the restrictions, students and teachers have participated in numerous challenges as well as continuing to learn and teach.*





Mar chuid de Sheachtain na Sláinte 2020 bhí Rás Sealaíochta again ar an 8ú Bealtaine. Rinne gach duine éacht agus bhuaigh an fhoireann d'Iníon Ní Thuama, Ciarán Ó Cionnaith, Rhys MacCárthaigh agus Lukas Ó Murchú!

*Wellbeing Week culminated in a joint student-staff relay. After a hard day's running the team of Iníon Ní Thuama, Ciarán Ó Cionnaith, Rhys MacCárthaigh and Lukas Ó Murchú were crowned champions!*



D'eagraigh Iníon Ní Thuama Comórtas Bácála don Chásc. Comhghairdeas le Caitríona (Bliain 2) a bhuaigh comórtas na ndaltaí agus le hIníon Ní Chuirc a bhuaigh comórtas na múinteoirí! *Congratulations to Caitríona and Iníon Ní Chuirc who were our Bake Off Champions!*




Ghlac an scoil páirt sa chomórtas náisiúnta #GAASolo—bhaineamar an 4ú áit amach!

*We participated in the national #GAAsolo competition placing 4th! Videos can be seen online of all our entries.*



# Craobh na Mumhan 2020







Micheál Ó Maicín, Eoin D'Altún, Chris Ó hIarlaithe, Daniel Ó Callanáin, Ross Ó Cionnaolaidh, Ciarán Ó Cionnaith, Finn Ó Conaill, Callum de Baróid, Donncha Ó Deasúnaigh, Fionn Ó Deasúnaigh, Rhys Mac Cárthaigh, Roibeárd Keal, Seán Ó Maolcatha, Eoghan de Lóndra, Liam Mac Siúrtáin, Lukas Ó Murchú, Ciarán Ó Dubhgáin, Josh Mac Giollarnaith, Ben Ó Maolruanaidh

Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin: 3-12

Coláiste Dáibhís Mala: 3-04

Lá stairiúil a bhí ann ar an 14ú Feabhra nuair a bhuamar Craobhchomhórtas Peile Sinsear na Mumhan. Imríodh an cluiche ar pháirc uile aimseartha Pháirc Uí Chaoimh i gcoinne Coláiste Daibhís Mala.

*The Senior Football team made history on February 14th winning the Senior E Munster Football Championship in our first year competing. The game was played on the all-weather pitch in Páirc Uí Chaoimh against Davis College Mallow.*

Éacht ar leith a bhí ann toisc gur imreoirí idir an dara bliain agus cúigiú bliain a bhí againn. Bhí an chéad leath cóngarach cé gur imíomar chun tosaigh go luath.

*It was a significant achievement given the age profile of our panel, players from between second and fifth year, who will all be eligible again next year. Despite taking an early lead the first half was close.*

Bhí an leathchraobh buaite againn ar chiceanna pionóise agus tháinig an misneach sin chun tosaigh arís sa tarna leath. De réir a chéile rugadar greim ar an gcluiche agus níor scaoileadar leis arís.

*Having won the semi-final on penalties following extra-time, the team was not short on self-belief and rose to the challenge again in the second half.*

Bhí dhá eachtra ar leith a sheas amach. B'é Liam Mac Siúrtáin, dalta tríú bliana, an t-imreoir a d'aimsigh an chéad phointe. Ní chuireann ár n-óige nó ár n-uimhreacha isteach orainn riamh. Chomh maith leis sin, ar chúl, chaith Chris Ó hIarlaithe é féin os comhair na liathróide sa tarna leath chun cúl cinnte a stopadh—laochas a bhí ann. Ní éiríonn an fhoireann seo as riamh.

*Two key moments encapsulate the performance. Liam Mac Siúrtáin, a third year student playing at senior level scored the first point of the game showing that our numbers and age profile never discourages the team. Secondly, Chris Ó hIarlaithe's selfless heroism in the second half prevented a certain goal, keeping the game under control. This showed the relentless nature of the team.*

*Ní dhéanfaimid dearmad ar an lá go deo.*

# An Eolaí Óg 2020

Tá fíor Eolaí Óg ag Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin anois tar éis dhá gradam a bhuachaint ag an dtaispeántas i mBaile Átha Cliath ar an Aoine! Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin scooped two big prizes at the Young Scientist & Technology exhibition last week - best technology project and a special award, the Intellectual Ventures Insightful Inventions award.






**Tomás Ó Cróinín,** a third -year student, exhibited a technology project on drones and how much load they can transport. The work started a year ago when Tomás set about looking for a wind tunnel in the area to do his experiments. Unfortunately, there was no wind tunnel available that was large enough to accommodate a drone. Undeterred, Tomás went about building his own wind tunnel at home.



After months of hard work and setbacks, he began testing his specially-adapted drone in his wind tunnel. His results showed that, by adding a wing to the drone, it could travel further and carry more weight, a very positive finding. Tomás will now have the fantastic opportunity to travel to Seattle to visit Intellectual Ventures' lab and meet their inventors. The future looks bright for the Gaelcholáiste's young scientists! Go n-éirí go geal leo!




*-Pól Ó Drisceoil*

# Vex Robotics






**“Diaidh ar ndiaidh a thógtar na caisleáin”**



Bhain foireann *VEX Robotics* na scoile an babhta náisiúta amach i mbliana. B'é an chéd uair dóibh a bheith in iomaíocht ann.

Tháinig an fearas ó VEX i Mí a Samhna agus bhuaileadar le chéile go seachtainiúl.

Bhí roinnt den fhoireann i gceannas ar an gcóidiú chun smacht a bheith ar an róbat acu. Bhí roinnt eile i gceannas ar an tógáil féin.

Roimh an gcomórtas chuadar i dtaithí ar é a thiomáint is ar rialacha an chomórtais.

Bhaineamar na cluichí ceathrú ceannais amach, éacht nach rabhamar ag súil leis ar ár gcéad lá in iomaíocht!

Dá bharr, bhaineamar áit sa chéad sraith eile amach, an léibhéal náisiúnta. Chuir dúnadh na scoile deireadh leis an mbabhta náisiúta ach beimid ag súil leis an mbliain seo chugainn.

*The 'Vex Robotics' team from Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin recently reached the national stage of the competition having entered for the first time.*

*Equipment arrived in November and the team, directed by Máistir Ó Céilleachair, set about building their robot by meeting each week.*

*There are eight members on the team and each member has an individual role. Some are in charge of coding, working with the 'V5 Blocks' system. They were therefore tasked with programming the motors and linking the remote to the robot.*

*Others were involved in building the robot itself, working with the frame, wiring and overall structure. A well-built robot was necessary so to perform tasks in competition and withstand other robots.*

*On the day of the competition, we gained valuable insight into competition protocol and the standards that can be achieved with more experience. Thankfully, while our design was simple, it worked effectively throughout the day.*

*By reaching the quarter-final stage on the day, we qualified for the national stage. We look forward to the next step in the adventure*

# Éachtanna na mBan sa Spórt

Rinne na cailíní éachta i mbliana agus cinnte bheadh corn bainte amach acu dá mba rud é gur lean an bhliain ar aghaidh.

Sa chamógaíocht, tar éis bua iontach a fháil ar Coláiste Edmond Rice ó Charraig Uí Leighin agus ar Choláiste Daibhéid, bhaineamar Leathchraobh an Chontae amach. Faraor, níor éirigh linn ar an lá i gcoinne foireann láidir ó Ath an Chóiste ach bhíomar an-chóngarach.

Bhaineamar Leathchraobh an Chontae amach sa chispheil chomh maith. Bhuamar go maith ar Loreto Mhainistir Fhear Muí agus Pobalscoil Bhaile an Chollaigh inár ngrúpa agus ar Choláiste Dhaivís sa chluiche Ceathrú-Ceannais. Sa leathchraobh, d'éírigh le Coláiste Bhrógáin an lámh in airde a fháil orainn, ach tá moladh tuillte ag na cailíní agus iad chomh iomaíoch i gcoinne scoileanna i bhfad níos mó.

I bPeil na mBan, bhí trí chluiche buaite againn sa chomórtas shinsearaigh agus bhí dhá leathchraobh le himirt againn. Bhí an leathchraobh sóisearach bainte amach againn chomh maith. Bí cinnte de, bhíomar chun gach uile ceann a bhuachaint! Beidh lá eile ag an bPaorach.

*The girls were to the forefront of sporting endeavours this year and had it not been for school closures we would certainly have won a competition.*

*In camogie, following victories over ERST Carrigaline and Coláiste Daibhéid, we reached the County Semi-Final. On the day we came up against a very strong Coachford College team who won in a game that could have gone either way.*

*We also reached the County Semi-Final in U16 Basketball. Having defeated Loreto Fermoy and Ballincollig Community School in the group stage, we defeated Davis College in the Quarter-Final. In the Semi-Final, St. Brogan's Bandon prevailed but our team deserve credit for competing so well against much bigger schools.*

*In Ladies' Football, we were undoubtedly on the verge of a clean sweep which was prevented by school closures. Having won our three senior games we had two semi-finals to play at a county and provincial level. Recently, we had reached the Junior semi-final too. We'll have our day yet!*








### Cispheil na mBuachaillí

Rinne buachaillí na chéad bhliana éacht i mbliana sa chispheil. Cúis bhróid a bhí ann gur imir gach buachill sa bhliain ar an bhfoireann ar a laghad uair amháin, maith sibh! Bhuamar ár gcluichí i gcoinne *St Brogan's Bandon* agus *Schull* sa ghrúpa agus dá bhrí sin bhaineamar an cluiche ceathrúcheannais amach. Bhí bua iontach againn ar an lá i gcoinne Coláiste an Chraoibhín, Mainistir Fhear Muí ar scór 33-13. Faraor, níor éirigh linn an leathchraobh a imirt de bharr dúnadh na scoile. Mar sin féin, beimid ag súil leis an mbliain seo chugainn agus lán le misneach!



*The First Year Boys' Basketball team had an excellent campaign this year. We are especially proud that every boy in Rang Éabha played at least one game. We won our group games against St. Brogan's Bandon and Schull Community College, qualifying for the quarter-final. We won well, on a 33-13 score. Unfortunately the school closure meant we couldn't play the semi-final. We will be looking forward to next however, full of confidence after a strong showing this year.*

### Lúthchleasaíocht Trastíre

Bhí an-lá againn ag rásaí trastíre an Chontae i mbliana. Le foireann láidir, tháinig Fionn Ó Deasúnaigh sa 5ú áit. Dá bhrí sin, bhain sé áit i gComórtas na Mumhan amach inar tháinig sé arís sa chéad deichniúr! Éacht a bhí ann cáiliú do Chraobh na hÉireann. Ar an 7ú lá de Mhí an Mhartá tháinig sé sa 33ú áit sa Chraobh. Mar sin, b'é an 33ú duine sa tír ar fad ina aoisghrúpa i mbliana. Dochreidte.

*We had a great outing at the cross country championships this year. Twelve competed in different categories on the day. Fionn Ó Deasúnaigh finished fifth in his race, before qualifying for the Munster Champions. Following a top ten finish there, he qualified for the All-Ireland Cross Country Championships. Coming 33rd on the day, running 5km in under 18 minutes he proved himself to be one of the best in the country. What an achievement!*






# Na Teangacha









### An Ghaeilge

Bhí Seachtain na Gaeilge faoi lán-seoil nuair a dúnadh na scoile i mbliana. Roimhe sin, áfach, bhíomar in ann eachtraí ar nós Comórtas Litriúcháin agus Tráth na gCeisteanna a eagrú. Bhíomar an-bhuíoch as an Idirbhliain a d'eagraigh na heachtraí.

Níos luaithe sa bhliain, ghlac dhá fhoireann páirt i dTráth na gCeist Feachtas. Bhíomar an-bhródúil astu mar bhaineadar Craobh na hÉireann i mBaile Átha Cliath amach. Éacht a bhí ann agus tá ard-mholadh tuillteadh acu!

*Seachtain na Gaeilge was under way when the school closed in March. By then, the Transition Years had organized quizzes and a Spelling Bee which were very successful across year groups, well done!*

*Earlier in the term, two teams competed in the Feachtas quizzes, topping the table at a regional level. After this success they progressed to the final In Dublin. Maith sibh!*




### An tSínis

Ghlac daltaí na Sraithe Sóisearaí páirt i gComórtas Méihuā BhOOC don chéad uair i mbliana. Comórtas ilteangach a bhí ann, le daltaí ag déanamh aithris ar dhán as Béarla agus sa Sínis. Níor éirigh leo an turas go dtí an tSín a bhuachan, rinneadar éacht i gcoinne daltaí a bhí san Idirbhliain ó scoileanna eile.

*Junior Cycle students participated in the Cork ETB* Méihuā competition. The group had to recite a composed poem in both Chinese and English! They did not win the trip to China, but they were outstanding against Transition Years from other schools.

**An Spainnis & An Fhraincís**

Cuireadh na Teangacha Íosachta chun cinn ar bhonn rialta taobh amuigh den seomra ranga i mbliana.

Bhí seachtain den scoth againn do Sheachtain na dTeangacha le clár lán de ghníomhaíochtaí. Mar shampla, cuireadh bia ar le bricfeasta ón bhFrainc agus *tapas* ón Spáinn.

Chomh maith leis sin, chaith an Idirbhliain maidin ag foghlaim conas rince *Salsa* a dhéanamh le 'Salsa Cubano Cork'. Maidin den scoth a bhí ann agus bhíodar breá in ann gluaiseacht!

*Our Foreign Languages were promoted outside the classroom throughout the year.*

*Foreign Languages Week was a major success with a varied week-long program. For example, the department provided breakfast from France and tapas from Spain. Furthermore, the Transition Years spent a morning salsa dancing with 'Salsa Cubano Cork'. It was a brilliant morning and they didn't put a foot wrong! It was a great opportunity to use some Spanish too which took the instructor by surprise!*







## Comhairle na nDaltaí

Chuaigh Comhairle na nDaltaí ó neart go neart arís i mbliana. Molaimid iad as an tionchar a bhí acu ar an scoil i réimse leathan d'eachtraí. Bhí dlúthbhaint acu le Seachtain Fhrith-Mhaistíneachta a eagrú chomh maith le lá gan éide scoile ar son Focus Ireland. D'eagraíodar Lá na nGeansaithe Nollag ar an 13ú lá de Mhí na Nollag freisin. Chomh maith leis sin, Bhíodar an-ghníomhach le feachtais ar son na daltaí. Mar shampla, dhíríodar ar micro-oighin a fháil do dhaltaí na scoile agus neart eile le linn na bliana bliana.

*The Student Council has gone from strength to strength again this year. They were actively engaged with a number of events during the year, including Anti-Bullying Week and a non-uniform day for Focus Ireland. They promoted our Christmas Jumper Day in aid charity along with supporting a number of other events. They are also engaged with a campaign to provide microwaves for the students.*



# Eachtraí Tairbheacha Eile



## Seachtain na hEolaíochta

Eagraíodh Seachtain na hEolaíochta idir an 11ú agus an 15ú lá de Mhí na Samhna.

Bhí go leor imeachtaí ar siúl le linn na seachtaine. Ina measc, rinne buachaillí sa tríú bliain taispeántas ag am lóin ar uisce, chomh maith le haoi-chainteoir an Dochtúir Niamh Kavanagh a labhair faoi chúrsaí fisice.

*Science Week was held between the 11th and the 15th of November.*

*There were a number of activities organised throughout the week. Included in the events was a display at lunchtime based on water, given by Tomás and Nathan in third year and a guest speaker, Dr. Niamh Kavanagh who spoke about physics with the students.*



## Seachtain LADTI+

Eagraíodh an tSeachtain LADTI+ i mbliana idir an 11ú agus an 15ú lá de Mhí na Samhna chomh maith.

B'é an Lá Ildaite buaicphointe na seachtaine. Chaith daltaí agus múinteoirí na scoile dathanna ón mbogha báistí chun tacaíocht a thabhairt dóibh son atá mar bhall den phobal LADTI+.

## LGBTI+ Stand Up Week

*StandUp! Week was held this year between November 11th and 15th too. The purpose of this week is to support members of the LGBTI+ Community in school and in the broader public.*

*Our annual Rainbow Day was most definitely the highlight!*

# An Coiste Glas



Anuraidh chuir sé an-bhród orainn an Brat Glas a bhaint amach agus tá an Coiste Glas ag obair go crua chun dul chun cinn a dhéanamh arís i mbliana. I láthair na huaire de bharr cúrsaí aeráide, tá siad ar cheann de na coistí is tábhachtaí sa scoil. I mbliana, leagadar béim ar cha-omhnú uisce. Chuireadar feach-tas ar bun sa scoil chun ard na ndaltaí is múinteoirí a tharraingt ar ábhar seo. Rinneadar obair an-suimiúil sa phobail chomh maith le turgnaimh a chur chun cinn le linn an tréimhse atá caite againn sa bhaile.

*Having attained the Green Schools' Flag last year, our committee is build-ing on last years' success and working hard to further promote environmen-tal issues in schools this year. Given the current issue of Climate Change, they are one of the most important committees in the school. This year the focus was on water conservation. The committee organised a campaign in school which drew the attention of students and staff to the issue. They also participated in interesting field work in the community and have promoted a number of investigations and initiatives during quarantine.*





# Díospóireachtaí

Ó thosach na bliana bhí daltaí na scoile tar an-ghnóthach le díospóireachtaí.

Ar an gcéad dul síos, bhí Ste-phen, Laurie agus Chanel ó Rang Dara in iomaíocht i nDíospóireacht Uí Chadhain. Comórtas Díospóireachta atá ann do Ghaelcholáistí. Bhíomar in iomaíocht i nGaelcholáiste Daibhéid ar an lá in aghaidh dhá Ghaelcholáiste eile. Cé nár éirigh linn ar an lá agus sinn i gcoinne daltaí sa tríú bliain, an-taithí a bhí ann.

Chomh maith leis sin, bhí cailíní na hIdirbhliana an-ghnóthach lá i ndiaidh lae le díospóireachtaí Béarla *'Concern Debates'*. Sna díospóireachtaí seo, bíonn cúrsaí idirnáisiúnta á plé agus go dtí seo tá said tar éis freastal ar thraenáil, chomh maith le bheith in iomaíocht i gcoinne neart scoileanna le Coláiste Pobal Chionn tSáile agus Mount St. Michael Rosscarbery ina measc.

*Our students were actively en-gaged in debates in both Irish and English this year.*

*Stephen, Laurie and Chanel from Rang Dara competed in Dí-ospóireacht Uí Chadhain, the annual Gael Linn competition.*

*Furthermore, Transition Year girls competed in the Concern Debat-ing series, in which international and ethical affairs were under the microscope. Having attended training, they competed against and hosted schools, including the likes of Kinsale Community School and Mount St. Michael Rosscarbery.*








## Bernard Casey

Tháinig an fuirseoir Bernard Casey chugainn ar cuairt chun ceardlann a dhéanamh leis na daltaí is craic a bheith aige leo chomh maith!

*The comedian Bernard Casey visited the Transition Year students in September for a workshop, a few sketches and a laugh or two!*



## Taispeántasaí Cócaireachta

Cuireadh taispeántasaí cócaireachta ar siúl ag am lóin do dhaltaí. Sa cheann thuas taispeánadh dóibh conas píotsa a dhéanamh go tapaidh.

*Cookery demonstrations were held at lunchtime. Pictured above are the group who were shown how to quickly make a pizza.*





## Oíche Shamhna

Ar an Aoine deireanach roimh Oíche Shamhna, spreag an Roinn Bhéarla sin chun feisteas a chur orainn féin don lá! Bhaineamar go léir, idir dhaltaí agus múinteoirí taitneamh as!


*On the last Friday approaching Mid-Term, with Halloween on the horizon, the English Department motivated us to dress up for the occasion. It was a great day with some great efforts from both students and teachers!*



## Cuairteanna Eolaíochta

Tá ranganna imithe ar turasanna eolaíochta arís i mbliana chuig a leithéad de BioMarin. Deis iontach a bhíonn ann i gcónaí breathnú ar ábhar scoile san fhíorshaol.

*A number of classes have been on science trips to the likes of BioMarin this year. These trips are an excellent opportunity to see school subjects applied at an industrial and professional level.*












**Drámaíocht**

D'fhreastail grúpaí ar dhrámaí san Everyman arís i mbliana. Ghlac an Idirbhliain páirt i gceardlanna drámaíochta agus damhsa ag ullmhú dá ndráma féin!

*Class groups attended plays in the Everyman again this year. The Transition Years participated in acting and dance workshops too when preparing for their own drama which was due to be held on April 3rd!*




An fhoireann haca atá ar cheann de na foirne is díograisí sa scoil, ag traenáil gach Céadaoin agus ag éirí níos fear i ngach cluiche!

# Cúinne na hIdirbhliana










## Lá i Londain

le hAoife Nic Iomhair

Ar an 13ú lá e Mhí na Samhna, bhí turas lae againn go dti Londain. Bhí orainn a bheith san aerfórt ag 4.40 ar maidin agus de bharr sin bhí orainn dúiseacht ag 3.30. An oíche sin ní bhfuair mé aon chodladh agus gan amhras nuair a bhí orainn fágaint bhíos tuirseach. Fuaireamar bricfeasta ag an aerfórt agus bhí sé deas. Faraor ar an slí chuig Stansted bhíos ag suí i m'aonar ach leathshlí trid an eitilt bhog fear agus ansin bhíos ag suí in aice le Zoe. Shroicheamar Stansted ag timpeall a 8 ar maidin agus chuamar díreach ar an mbus. Ar an gcéad dul síos chuamar go dti an **Borough Market.** D'fheachamar timpeall agus ansin chuamar i gcomhair bia. Ina dhiaidh sin chuamar go dtí **London Bridge** agus thógamar pictiúirí. Ina theannta sin chuamar ar thuras báid ar an **Thames** síos an abhainn. B'é seo an rud ba mhó a thaitin liom faoin turas seo. Bhíomar ag suí lasmuigh ar an mbád agus bhí comhrá againn faoi gach rud. Thógamar a lán pictiúirí agus ansin thángamar as an mbád agus bhíomar in aice le **Big Ben**. Shiúlamar go dtí an **London Eye** agus ansin bhailigh an bus sinn. Thóg an bus sinn go dtí an amharclann an **Victoria Apollo.** D'itheamar arís roimh ré agus thosaigh an ceoldráma **Wicked**. Faraor, thiteas i mo chodladh nuair a shuíomar síos ach dhúisios aris go luath. Bailíodh sinn arís agus chuamar go dtí **Liverpool Street Station** chun an **Stansted Express** a fháil.

Creid nó ná creid bhíos ag an ngeata slandála ar feadh 30 nóimead ar a laghad. De bharr sin bhí orm rith go dtí an geata. Ag rith sall chaill mé mo phas bordála! Tugadh píosa páipéir don agus bhíos in ann dul ar an eitleán. Ní bhíonn turasanna móra mar sin go minic agus is fíor nuair a deirtear an rud is annamh is iontach.










# DCMUN

From the 21st to the 24th of February we attended 'Davis College Model United Nations' at Cork City Hall. The event started on Tuesday the 21st with an opening ceremony. This immersive diplomatic experience. We were treated to some music and later two hours of lobbying began as people were submitting their resolutions.

On Wednesday we began the day with speeches from the ambassadors of Poland and Latvia. Also guest speaker, Joanne O'Riordan spoke to us about her life. Later delegates read out speeches before we began debating the first resolution on the Israeli -Arab conflict in General Assembly. At the end of the debate the resolution that was put forward failed.

Thursday was another day of debating. In the morning we debated the question of alternative sources of energy to cope with the increasing electricity demands. This resolution passed as a whole. Later we debated the question of legal status of class B drugs for recreational and medical purposes. This was an interesting debate with the USA putting forward an amendment to move the whole population of Iran to Alaska and use Iran as a farm to grow class B drugs. This amendment failed and the resolution failed as a whole.

Finally on Friday we continued with debating. Firstly we debated the question of trade wars and the increased import tariffs on commercial goods. This resolution failed as a whole. Later we debated the question of the regulation of organ donation. The delegate of Brunei Darussalam put forward a very controversial resolution but was improved with amendments. This resolution passed as a whole.

At the end of the day we had a closing ceremony.

# Surfáil



Ar an 28ú Lúnasa chuaigh Rang Barra agus Bhríd go dtí Trá na hInse. Chuamar go léir ag surfáil, is don chuid is mó dúinn b'é an chéad uair riamh a rinne-amar é.



Bhí a lán craic againn is muid ag dul ar an mbus, ag canadh agus ag gáire mar is gnáth. Deárfainn go bhfuil na múinteoirí go léir bréan den chanadh!

Bhuaileamar lenár dteagascóirí Luke, Barry agus Drew. Bhíodar an-ghreannmhar. Tar éis bu-aladh leo fuaireamar ár gculaith uisce agus clár súrfála.



Gach seachtain, d'fhoghlaimíomar faoi sláinte is sábháilteachta uisce agus rinneamar na bunclocha den surfáil a chleachtadh, ach bhíomar san uisce go luath i gcónaí. Chun a bheith macánta d'fhéach an t-uisce an-fhuar ach de bharr an chulaith uisce bhí sé go breá... domsa ar aon nós! Bhíomar san uisce ar feadh timpeall uair go leath de ghnáth. An chéad lá, d'éirigh liom cúpla tonnta a fháil, ach níor sheas mé suas fós.

Gach seachtain ina dhi-aidh sin, d'éirigh mé níos fearr agus faoi dheireadh thosaíos ag seasamh go minic!

Tréimhse iontach a bhí ann san Idirbhliain!

le Caoimhe Ní hAicidín





# Cuairt ó na Spáinnigh






*Tháinig ochtar daltaí Spáinneach thall ón Spáinn ar feadh cúig oíche. Shroich siad Corcaigh ar an Luan agus d'fhág siad ar an Satharn. Andrea is ainm don chailín a d'fhan liom.*

*Ar an Máirt shiúlamar síos chuig an CLG chun taispeáint dóibh conas Iománaíocht agus Peil Ghaelach a imirt. Chuamar ar ais chuig an scoil le haghaidh am lóin agus tar éis é sin, chuamar go dtí an chathair ar an 220. Chuamar go dtí Mi-lano's agus an Mar-gadh Sasanach. An oíche sin, chuaigh mise, Andrea, Ciana agus Iris go dtí teach Zoe.*

*Chuamar ag surfáil mar is gnáth ar an gCéadaoin agus chuaigh na Spáinnigh chuig Spike Island don lá.*

*Chuamar mar ghrúpa go dtí Cill Áirne ar tu-ras bitheolaíochta. Ar an slí abhaile bhí cead againn stopadh in Ion-ad Siopadóireachta Chill Áirne. Rinneamar go léir roinnt sio-padóireachta. Nuair a chuamar abhaile an oíche sin chuamar amach i gcóir bia S íneach.*

*An lá deireanach a bhí againn leo agus chuamar go dtí Bally-hass Lakes i Mala. Bhí-omar san uisce agus ansin ag déanamh dreapadóireaht. An oíche sin bhí cóisir againn chun slán a rá leis na daltaí Spáinneacha. Bhí sé an-bhrónach dúinn go leir.*

